

# Réamhrá

## Cé a úsáidfidh an leabhar seo?

Tá an leabhar seo ann do na sagairt a bheidh i gceannas ar cheiliúradh an Chóineartaithe agus ar na liotúirgí eile a ghabhann leis an sacraimint seo, chomh maith leis na múinteoirí agus ionadaithe an pharóiste a bheidh bainteach le hullmhú na bpáistí agus foirgneamh na heaglaise do na ceiliúrthaí éagsúla.

Tugann *Share the Good News: National Directory for Catechesis in Ireland* achoimre ar an gcaoi a bhfuil trí chomhpháirtí ann, agus páistí atá baiste a ullmhú go héifeachtach chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh: an teaghlach, an paróiste agus an scoil. Mar thoradh ar seo, tá nótaí ullmhúcháin agus bileoga ullmhúcháin liotúirge ar fáil sa leabhar seo, a d'fhéadfaí a chríochnú ag cruinniú, áit a bheidh ionadaithe ó na teaghlacha, an scoil agus an pharóiste i láthair, i gcomhairle leis an sagart/na sagairt a bheidh i gceannas an cheiliúrtha.

## Sacraimint an Chóineartaithe laistigh agus lasmuigh den Aifreann

Tá go leor cúiseanna ann gurb é Aifreann an Domhnaigh an suíomh is oiriúnaí chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh. Ceann de na cúiseanna ná go gcabhraíonn Aifreann an Domhnaigh leis na hiarrthóirí a bheith daingnithe ina bpobal creidimh féin i láthair a bpobal creidimh. Má tá na páistí chun Sacraimint an Chóineartaithe a cheiliúradh le linn Aifreann an Domhnaigh, tá sé tábhachtach dul i gcomhairle leis an bparóiste faoi na gnáthullmhúcháin don Aifreann, lena n-áirítear an ceol a úsáidfear le linn an tsearmanais. Tá roinnt moltaí ceoil ón gclár *I nGrá Dé* tugtha sa leabhar seo, agus soláthraítear na cóirithe dóibh seo, gan tionlacan, freisin.

Nuair nach mbíonn sé indéanta Sacraimint an Chóineartaithe a réachtáil le linn Aifreann an Domhnaigh, is féidir é a réachtáil taobh amuigh den Aifreann, mar shampla ag ócáid tráthnóna sa séipéal, ar féidir le teaghlach freastal air. Tugtar an dá rogha sa leabhar seo, ionas gur féidir le paróistí plean a dhéanamh a oirfidh dá riachtanais féin.

## Conas a ullmhóidh na páistí do na searmanais seo?

Tacaíonn an clár um Oideachas Reiligiúnach do bhunscoileanna, *I nGrá Dé (Veritas)*, le cur i bhfeidhm an *Churaclaim don Oideachas Reiligiúnach do Réamhscoileanna agus do Bhunscoileanna Caitliceacha in Éirinn (2015)*. Tá an bhéim in *I nGrá Dé* leagtha ar chaiticéis na sacraimintí, a scaiptear amach i rith na bliana ina ndéanann an páiste an sacraimint a cheiliúradh. Díríonn an clár um Oideachas Reiligiúnach, *I nGrá Dé*, ar Shacraimint an Chóineartaithe sa chlár i Rang a Cúig/B7 agus sa chlár i Rang a Sé.

Caithfear cuidiú leis na páistí tuiscint a fháil ar thábhacht na searmanais ina bhfuil siad le bheith rannpháirteach. Is féidir leis an múinteoir é seo a éascú trí imlíne an tsearmanais a thaispeáint do na páistí agus na heilimintí a mhíniú, b'fhéidir ag úsáid na bileoga pleanála mar threoir. Is féidir cuireadh a thabhairt do pháistí Guí an Phobail a chumadh, le cabhair ó mhúinteoirí nó ó thuismitheoirí/chaomhnóirí.

Ag na searmanais, is féidir leis na páistí Guí an Phobail a rá agus páirt a ghlacadh le linn na n-ofráilacha a bheith á n-iompar. (Ag an searmanas Cóineartaithe freisin, is féidir Mórshiúl Oscailte a chur san áireamh freisin.) Tá cleachtadh amháin nó dhá chleachtadh sa séipéal riachtanach chun suíocháin na bpáistí a shochrú agus chun cleachtadh a dhéanamh le hungadh ola chríosa.

## Deasghnáth an Chóineartaithe

D'ullmhaigh an Coimisiún Idirnáisiúnta um Bhéarla sa Liotúirge (ICEL) aistriúchán nua ar Dheasghnáth an Chóineartaithe. Níor ghlac Comhdháil Easpag na hÉireann leis an aistriúchán nua seo go fóill le húsáid in Éirinn, mar sin sa leabhar seo agus in *I nGrá Dé* leanaimid orainn ag tagairt d'aistriúchán 1978 den Deasghnáth, mar atá in úsáid faoi láthair.

## **An Mhóid Staonta**

Go traidisiúnta, tugadh an deis d'iarthóirí don Chóineartú gealltanais a thabhairt staonadh ó alcól agus ó dhrugaí mídhleathacha mar chuid dá n-ullmhúchán don sacraimint. Tá baint aige seo leis an bhfíric go dtabharfar iomláine an Spioraid Naoimh dóibh, agus go neartófar iad chun cinntí maithe a dhéanamh. Tugtar deis gealltanais staonadh ó alcól agus ó dhrugaí mídhleathacha a thabhairt mar chuid den liotúirge ina dhéantar Seirbhís Guí an tSolais a cheiliúradh. Le blianta beaga anuas, measadh go raibh an liotúirge seo ina shuíomh oiriúnach chun é sin a dhéanamh. Is féidir an gealltanais a ghlacadh, áfach, mar chuid den searmanas Cóineartaithe, mar chuid den searmanas bronnta céime nó ar ócáid eile ar nós Domhnach Measarthachta.

Is féidir le hiarthóirí a roghnú staonadh ó alcól go dtí aois a roghnaíonn siad dóibh féin, nó go dtí go mbeidh siad ocht mbliana déag d'aois, nó ar feadh a saoil. Ba cheart an cinneadh seo a dhéanamh i gcomhairle lena dtuismitheoirí/gcaomhnóirí. Cuireann cuid den Mhóid Staonta san áireamh gealltanais staonadh ó dhrugaí dochracha ar feadh a saoil, agus cabhrú le daoine eile an rud céanna a dhéanamh. Ba cheart an deis a thabhairt do pháistí an Mhóid Staonta a phlé go domhain mar chuid den chlár OSPS, agus ba chóir é a sheoladh abhaile i bhfad roimh ré le haghaidh comhairliúcháin le tuismitheoirí/caomhnóirí. Síníonn na páistí agus an/na tuismitheoir(i)/caomhnóir(i) an mhóid. Is féidir an deis a thabhairt do pháistí óga a bheith ina mbaill de na Réadóirí, ar bhonn sealadach nó ar feadh a saoil.

## **Sacraimint an Athmhuintearais**

Os rud é gur gheall na páistí Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh mar ullmhúchán don Chóineartú, is féidir deis a thabhairt dóibh é sin a dhéanamh ag deireadh na liotúirge ina dhéantar Seirbhís Guí an tSolais a cheiliúradh, áit a meastar go bhfuil sé oiriúnach, agus má bhíonn go leor sagart ar fáil. Is féidir an deis a thabhairt do thuismitheoirí/chaomhnóirí agus baill eile den teaghlach Sacraimint an Athmhuintearais a cheiliúradh freisin.